



Coláiste Aonad Bainistíochta:	AD UCD
Scoil Aonad:	Forbairt Daoine agus Éifeachtúlacht Eagraíochta
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair <i>(más ábhartha)</i>	Bainisteoir Forbartha Daoine agus Eagraíochta
Tréimhse an Phoist:	Sainchuspóir – 12 mhí measta
Grád:	SA03
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Bainistíocht Acmhainní Daonna – Leibhéal Gairme 7
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	N/B
Freagrach do	Stiúrthóir – Comhpháirtíocht AD, Forbairt Daoine agus Eagraíochta
Uimhir Thagartha an Chomórtais	018428
Riarthóir AD	Alicja Straczek

Achoimre ar an bPost:

Cuspóir

Tá Bainisteoir Forbartha Daoine agus Eagraíochta freagrach as a chinntiú go bhfuil straitéis forbartha daoine agus eagraíochta atá oiriúnach don fheidhm ag an Ollscoil agus sraith tairiscintí ailínithe le Straitéis na hOllscoile agus AD, go háirithe i réimsí na tallainne agus forbairt feidhmíochta. Laistigh de seo, tá siad freagrach as tacú le riachtanais forbartha a aithint, meicníochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a sholáthar d'fhoghlaim agus d'fhorbairt, creataí chun tacú le forbairt eagraíochta, acmhainní féinseirbhíse do bhainisteoirí agus do dhaoine aonair, agus sainchomhairleoireacht do Scoileanna agus Aonaid. Tá siad freagrach freisin as gach tacaíocht riachtanach a sholáthar do cheannaireacht na hOllscoile chun oibriú rathúil chóras Feidhmíochta agus Forbartha na hOllscoile, Feidhmíocht le haghaidh Fáis a chinntiú. Trí na cláir agus na tionscnaimh seo go léir, ba chóir go dtacódh siad le forbairt leanúnach chultúr na hOllscoile ag teacht lena Luachanna.

Teastaíonn cur chuige comhoibríoch don ról, ag obair go dlúth le comhghleacaithe AD agus ag dul i gcomhairle ar fud na hOllscoile, chun anailís a dhéanamh ar riachtanais, chun réitigh oiriúnacha inoibrithe a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Beidh sealbhóir an ról inniúil i bhforbairt daoine agus eagraíochta thar raon réimsí amhail forbairt feidhmíochta, creataí inniúlachta, forbairt ceannaireachta agus bainistíochta agus bainistíocht tallainne.

Mar ról sinsearach san fheidhm AD, cuirfidh sealbhóir an ról le smaointeoireacht agus le seachadadh ar an Straitéis AD níos leithne agus ar thionscadail de réir mar is gá.

95 Oifigeach Riaracháin Iii_2013 (2010) Scála Tuarastail: €90,378 - €127,636 in aghaidh na bliana

Déanfar ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Bainistigh punann na dtionscnamh forbartha ar fud na foirne, lena n-áirítear:

- A bheith i gceannas ar bhainistíocht agus ar phríomhshruthú Chreat Feidhmíochta agus Forbartha na hOllscoile – Feidhmíocht le haghaidh Fáis (P4G), ag soláthar na tacaíochtaí riachtanacha go léir do bhainistíocht agus do cheannaireacht na hOllscoile agus do dhaoine aonair ionas go bhfeidhmeoidh sé go héifeachtach.
- Maoirseacht agus stiúradh a dhéanamh ar ghnóthachtaí gníomhaíochtaí a eascraíonn as an plean Gníomhaíochta gaolmhar le haghaidh feabhsuithe P4G sna timthrialta amach anseo.
- Treoir a thabhairt don fhoireann maidir leis na cláir fhoirmiúla éagsúla forbartha do chatagóirí éagsúla

fostaithe, ról agus céimeanna gairme, agus atá ailínithe le hinniúlachtaí comhaontaithe agus Luachanna UCD lena n-áirítear Ionduchtú Ceann Scoile, Clár Ceannaireachta Rathaithe sa Taighde, Treoshuíomh Cláir Ollaimh Cúnta Nuacheaptha ag UCD agus an clár Aurora.

- Maoirseacht a dhéanamh ar dheardh agus ar sheachadadh Chlár seo chugainn Bainistíochta Daoine agus Forbartha Ceannaireachta UCD.
- Bainistiú a dhéanamh ar sholáthar acmhainní foghlama féinseirbhíse (lena n-áirítear LinkedIn Learning) a chomhlánaíonn cláir fhoirmiúla.
- Monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar 'Meantóireacht ag UCD' agus ar na roghanna cóitseála atá ar fáil d'fhostaithe.
- Athbhreithniú rialta ar éifeachtúlacht na mbealaí forbartha éagsúla, trí aiseolas ó rannpháirtithe agus ó pháirtithe leasmhara eile, ag cinntiú feabhsú agus ailíniú leanúnach le tionscnaimh eile agus le riachtanais athraitheacha.
- Cumarsáid éifeachtach a choinneáil le fostaithe uile na hollscoile ag cinntiú go mínítear raon agus nádúr na roghanna forbartha éagsúla atá ar fáil go soiléir agus go bhfuil rochtain orthu.
- Cinntiú go gcuirfear Uirlisí agus Creataí ar fáil chun tacú le forbairtí dearfacha agus réamhghníomhacha ar fud na hOllscoile i réimsí ar nós Bainistíocht Talainn, Pleanáil Comharbais, Foirne Ardfeidhmíochta.
- Seirbhísí comhairliúcháin um Fhorbairt Eagraíochtúil a sholáthar do Scoileanna agus Aonaid i réimsí mar tógáil/forbairt foirne, pleanáil straitéiseach agus cur i bhfeidhm moltaí an Phlean um Chomhionannas Inscne agus Feabhsú Cáilíochta. Cuirfear iad seo ar fáil i gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann Comhpháirtithe AD, ar bhonn múnla srathach chun na tairiscintí is fearr agus saoráideach don chustaiméir a chinntiú.
- A f(h)oireann féin a threorú, a bhainistiú agus a fhorbairt ar aon dul le hinniúlacht bainisteoirí daoine UCD agus Luachanna UCD agus obair foirne agus bealaí comhoibritheacha laistigh den fhoireann a chothú, thar theorainneacha laistigh d'AD agus le
- hAonaid Tacaíochta eile agus comhghleacaithe ar fud na hollscoile.
- Caidrimh oibre éifeachtacha a thógáil agus oibriú go dlúth le Comhpháirtithe AD (HRPanna) a chumasóidh comhairliúchán éifeachtach agus comhchruthú réitigh do réimsí gnó áitiúla.
- Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh bhainistíochta athraithe ar fud na hollscoile le fócas ar dhaoine de réir mar is cuí.
- Caidrimh a thógáil agus comhoibriú go dlúth le haonaid foghlama agus forbartha eile go himheánach, m.s. UCD Inniúil, Teagasc agus Foghlaim UCD, agus go seachtach leis an IUTN (mar Chathaoirleach in 2022) agus IUA, chun tionchar a imirt ar dhea-chleachtas agus tarraingt ar an gcleachtas is fearr agus na tairbhí a uasmhéadú d'fhostaithe uile UCD.
- A chinntiú go ndéantar na próisis bhuiséadaithe agus soláthair do gach gníomhaíocht laistigh den réimse freagrachta a bhainistiú go cuí.
- Cuidíonn sé/sí le coistí ar leibhéal na hOllscoile a dteastaíonn eolas agus saineolas forbartha daoine uathu go háirithe nuair a bhíonn sineirgí le tionscadail AD ar féidir leas a bhaint astu.
- Tacú le haon tionscadal gaolmhar AD agus/nó ar fud na hollscoile mar is gá ó am go chéile de réir shainchúram agus leibhéal an ról.
- Cúraimí an ról a chur i gcrích ar bhealach a thacaíonn le agus tá ailínithe ag Luachanna UCD - Coláisteacht, Cruthaitheacht, Éagsúlacht, Rannpháirtíocht, Sármhaitheas agus Ionracas.

Critéir Roghnaithe:

Tá Creatlach do Chnuasaigh Phoist ag UCD, agus tá an ról seo mar chuid den Chnuasach Poist um Bainistíocht Acmhainní Daonna agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairme 7. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus croí-inniúlachtaí a ndéantar cur síos orthu sa Chreat Cnuasach Poist le fáil ag

<https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- 10-15 bliana de thaithí ghairmiúil, lena n-áirítear 3 bliana ag feidhmiú ag leibhéal sinsearach in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal.
- Céim i mBainistíocht AD nó i ndisciplín gaolmhar.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

Ní mór d'iarthóirí an-tuiscint a bheith acu ar na coincheapa, prionsabail agus cleachtais a bhaineann leis na hinniúlachtaí feidhmiúla i mBainistíocht AD seo a leanas agus an cumas iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun tacú le cuspóirí na heagraíochta:

- Forbairt Daoine agus Eagraíochta: Léargas láidir ar dhaoine agus ar fhorbairtí, ar choincheapa, ar phrionsabail, agus ar chleachtais eagraíochta lena n-áirítear pleanáil, measúnú, oiliúint a sheachadadh agus a reáchtáil, forbairt eagraíochtúil, tionscnaimh forbartha gairme agus pearsanta.
- Forbairt Feidhmíochta: An-tuiscint a léiriú ar choincheapa, ar phrionsabail, agus ar chleachtais feidhmíochta agus forbartha.
- Bainistíocht Athraithe: An-chumas coincheapa, prionsabail agus cleachtais bhainistíochta Athraithe a thuiscint agus a úsáid mar thacú le tionscnaimh agus le tionscadail athraithe eagraíochtúla.
- Grádú ar Phost/ Conair Ghairme agus Arduithe Céime: Tuiscint mhaith ar na coincheapa, prionsabail, agus cleachtais a bhaineann le cur síos, grádú, suí ról laistigh d'eagraíocht agus tacú le conair forbartha gairme agus ardaithe chéime.
- Bainistiú Bua/ Pleanáil Comharbais: Tuiscint ar Choincheapa, ar phrionsabail agus ar chleachtais bhainistithe bhua agus pleanála comharbais.

Ní mór d'iarthóirí tuiscint mhaith a bheith acu ar na coincheapa, prionsabail agus cleachtais a bhaineann leis na hinniúlachtaí feidhmiúla i mBainistíocht AD seo a leanas agus an cumas iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun tacú le cuspóirí na heagraíochta:

- Dearadh Eagraíochta: Eolas ar choincheapa, ar phrionsabail, agus ar chleachtais dearaidh Eagraíochta.
- Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú: Coincheapa, prionsabail agus reachtaíocht Chomhionannais a thuiscint agus a chleachtadh mar thacú le phríomhshruthú comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe ar fud na heagraíochta.

Croíchumais

- **Obair go Straitéiseach (Leibhéal Oilteachta 3):** An cumas a bheith ag Obair go Straitéiseach, fis a fhorbairt don sainchúram, atá ailínithe le cuspóirí na hOllscoile agus le Straitéis AD, agus a bheith in ann é seo a chur i ngníomh.
- **Daoine a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 4):** Scileanna láidre Bainistíochta Daoine ag cinntiú go bhfuil acmhainní ag an bhfoireann de réir a cuspóirí, go mbaintear úsáid chuí as cumais na foirne, go bhfaigheann an fhoireann aiseolas forbartha rialta agus go gcruthaítear braistint láidir d'obair foirne agus d'fheidhmíocht.
- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 3):** Páirtithe Leasmhara a bhainistiú a bhfuil taithí acu agus éifeachtach, a thuigeann an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht chuí chun caidreamh láidir oibre a thógáil trí riachtanais a thuiscint agus a bheith in ann freagairt dóibh agus ionchais a bhainistiú.
- **Ceannasaíocht a Thabhairt do Dhaoine (Leibhéal Oilteachta 3):** In ann Daoine Eile a Threorú trí thionchar dearfach, go háirithe agus iad ag obair leis an dámh sinsearach agus leis an bhfoireann.
- **Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 3):** Sár-ghnóthachtáil ag Bainistiú an Athraithe, trí é sin a chuimsiú laistigh dá ról féin, trí aiseolas a lorg go gníomhach agus trí nuálaíocht agus feabhsú leanúnach a chothú.
- **Tógálaí Caidrimh Sármaith, in ann comhpháirtíochtaí láidre a thógáil atá riachtanach chun torthaí a bhaint amach.**

- Taithí i mbainistíocht buiséad agus próisis soláthair.
- Ní mór d'iarthóirí a léiriú conas is féidir leo cur go dearfach le timpeallacht chuimsitheach agus leibhéal feasachta ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chothú.

Inmhianaithe:

- Céim Mháistreachta Ghaolmhar.
- MCIPD/FCIPD.

Tuilleadh Eolais d'Iarrthóirí:

Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú:

Comhionannas, Éagsúlacht, agus Ionchuimsiú (EDI) in UCD

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh, agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Tugtar aird ar an éagsúlacht i bplean straitéiseach na hollscoile mar cheann de bhunluachanna UCD, agus léirítear a thiomantas do EDI tríd an gcuspóir straitéiseach maidir leis an mealladh, coinneáil agus forbairt ar chohórt iontach agus ilchineálach de mhic léinn, dámh agus foireann. Fáiltimid roimh iarratais ó gach duine, iad siúd a shainaitníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san áireamh. Cloíonn an ollscoile le réimse polasaithe ar an gcomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú. Molaimid d'iarrthóirí breathnú ar bheartas UCD um chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú anseo <https://www.ucd.ie/equality/>.

Leagtar amach le Straitéis UCD um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú 2018-2020-2025 cuspóirí na hollscoile atá ag teacht le deich mbonn comhionannais UCD. [Nasc](#)

Tá Leas-Uachtarán UCD um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ina cathaoirleach ar Ghrúpa EDI na hollscoile a oibríonn ar fud na ndeich bhforas comhionannais UCD i gcomhar le Leas-Phríomhoidí Coláistí EDI agus Ionadaithe Scoile EDI. Tacaíonn Aonad UCD um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú le príomhshruthú EDI tríd an nGrúpa EDI agus leis na ról seo ar sholáthar na straitéise EDI trí réimse tionscnamh lena n-áirítear forbairt bheartais, ardú feasachta agus oiliúint, cothú caidreamh inmheánach agus seachtrach, comhthiomsú agus anailís ar shonraí, grúpaí agus líonraí tacaíochtaí piaraí a bhunú, gnóthú creidiúnaithe amhail Athena SWAN agus timpeallacht ina dtacaítear leis an meabhairshláinte agus le folláine, le dínit agus meas, agus ina gcuirtear chun cinn iad.



Tá líonraí foirne EDI ag UCD a thugann deis iontach do bhaill foirne aithne a chur ar chomhghleacaithe, líonrú agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh chomhionannais, éagsúlachta agus chuimsithe in UCD.

Áirítear ar Líonraí Foirne EDI UCD:

- Líonra foirne míchumais UCD
- Líonra foirne LADTI UCD
- Women@STEM UCD
- Líonra Foirne Ilchultúrtha UCD (MENU)

Is féidir leat dul isteach i Líonraí Foirne EDI UCD anseo: <https://www.ucd.ie/equality/groups/edinetworks/>

Chomh maith leis sin, tá UCD gníomhach sna tionscnaimh seo a leanas:

Athena SWAN ag UCD

Tá an dara gradam institiúide Athena SWAN Bronze faighte ag UCD de bharr obair na hOllscoile i dtreo comhionannais inscne. D'fhonn an creidiúnú seo a bhaint amach ní mór d'institiúid a léiriú go bhfuil sí tar éis féinmheasúnú iomlán a dhéanamh maidir le ceisteanna a bhaineann le comhionannas inscne agus plean gníomhaíochta mionsonraithe a fhorbairt le dul i ngleic leo. D'ullmhaigh an [Grúpa Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne](#) UCD agus a Ghrúpaí Oibre [Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne UCD 2020-2024](#), i bpróiseas lenar bhain tagarmharcáil sheachtrach, suirbhé fostaithe EDI, grúpaí fócais agus comhairliúchán ar fud na hollscoile. Tá gníomhaíochtaí maidir leis an earcaíocht, arduithe céime, ceannaireacht, nósanna oibre, eagrúchán agus cultúr san áireamh ann. Tá feidhmiú an phlean seo ar siúl cheana agus tá sásraí ann chun seiceáil a dhéanamh ar an dul chun cinn i ngach ceann de na gníomhaíochtaí. Áirítear sa phlean gníomhaíochta seo na gníomhaíochtaí a tháinig chun cinn ón athbhreithniú ar pholasaí agus nósanna imeachta na hollscoile ar Dhínit agus ar Mheas.

Ollscoil Aoisbhá

Tá an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath bródúil as a bheith ina **hOllscoil Aoisbhá** mar chuid de Líonra Domhanda na nOllscoileanna Aoisbhá. Is iad na prionsabail a bhaineann le hOllscoil Aoisbhá: Rannpháirtíocht daoine níos aosta a spreagadh i ngníomhaíochtaí lárnacha uile na hollscoile, cláir oideachais agus taighde san áireamh.

Ollscoil Tearmainn

Bronnadh stádas **University Tearmainn** ar UCD in 2018, Is tionscnamh Éireannach é (UoSI) chun dea-chleachtas de chuid ollscoileanna, coláistí agus institiúidí oideachais eile a spreagadh agus a cheiliúradh as fáilte a chur roimh dhéanaithe, lucht iarrtha tearmainn agus imircigh eile ina bpobail ollscoile, agus as cultúr fáilteachais agus cuimsithe a chothú do gach éinne atá ag lorg tearmainn.

Tionscnaíocht Dorais Oscailte

Tá UCD anois mar bhall de ghrúpa ina bhfuil níos mó ná 95 cuideachta agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, a oibríonn le rialtas chun conairí chun fostaíochta a chruthú do dhaoine imeallaithe. Is féidir iad sin a bheith ina n-intéirneachtaí, scoláireachtaí, cúrsaí oiliúna, cúnamh d'fhiontraithe nó fostaíocht lán/páirtaimseartha, as réimse cúlraí agus cineálacha cumais.

Is féidir iad seo a fhorbairt ar bhonn saincheaptha le heagraíochtaí chun tionscadail shonracha a chur san áireamh.

Oibríonn an grúpa seo le dídeanaithe, lucht iarrtha tearmainn agus imircigh, daoine faoi mhíchumas agus daoine óga faoi mhíbhuntáiste (lena n-áirítear iad siúd atá de bhunadh na dTaistealaithe, LADTA+ etc.).

Cuireann siad oiliúint ar líne, meantóireacht, foghlaim chuidithe, seimineáir agus oiliúint ar an láthair oibre ar fáil d'fhostaithe reatha le haghaidh réimse ábhar, agus is féidir leo cúnamh a thabhairt le maoiniú le haghaidh cúrsaí oiliúna a chuireann tú ar siúl. Bíonn cruinnithe leanúnacha acu le cuideachtaí eile agus le páirtithe tacaíochta atá ag obair ar mhaithe le héagsúlacht agus cuimsiú a chruthú ina n-eagraíochtaí.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar ár suíomh gréasáin anseo: www.opendoorsinitiative.ie

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	http://www.ucd.ie/hr/

Costais Athlonnaithe:

- Neamhbhainteach
- Cuirfear i bhfeidhm iad i gcomhréir le [Polasáí Athlonnaithe UCD](#)

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána riachtanach:

- NÍL**
- TÁ** – Tabharfar faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar an iarrthóir/na hiarrthóirí molta mar chuid de [Pholasáí UCD ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána](#)

Incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus srianta áirithe maidir le hincháilitheacht

Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER):	Tá sé mar choinníoll den Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais go bhfuil toirmeasc ar phinsinéirí, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní fhéadfaidh pinsinéirí den sórt sin iarratas a dhéanamh ar an bpost seo
Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanáí (7/2010):	Tugadh isteach in Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 arna dhátú 1 Samhain 2010 Scéim um Luathscor Deonach (VER) atá Spriocdhírthe agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonáí (VRS). Tá sé mar choinníoll ag an scéim VER nach mbeidh daoine atá ag baint leas as an scéim incháilithe d'athfhostaíocht san earnáil sláinte poiblí ná sa tseirbhís phoiblí níos leithne ná i gcomhlacht atá lánmhaoinithe nó maoinithe den chuid is mó ag airgead poiblí. Tá an dianchosc céanna ar athfhostaíocht i bhfeidhm faoi réir VRS, ach tá an dianchosc ann thar thréimhse de 7 mbliana, agus beidh cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil d'athfhostaíocht tar éis an ama sin. Níl daoine a bhain leas as ceachtar de na scéimeanna sin incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo.

<p>Comhaontú Comhchoiteann – Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí:</p>	<p>Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach le litir, dar dáta an 28 Meitheamh 2012, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifig Phearsanra. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht de chuid na seirbhíse poiblí (mar a mhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíochta a fhoirceannadh. Ina dhiaidh sin beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh athfhostú. I gcás daoine a bhain leas as an scéim sin agus a bhféadfadh sé go n-éireoidh leo sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamhcháilitheachta) agus ní mór toiliú an Aire a fháil sula bhfostóidh aon chomhlacht de chuid na seirbhíse poiblí iad.</p>
<p>Dearbhú:</p>	<p>Ceanglófar ar iarrthóirí Dearbhú Réamhfhostaíochta a shíniú chun a dheimhniú cibé ar bhain nó nár bhain siad leas as scéim dreasachta seirbhíse poiblí i leith luathscoir agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann mar atá luaite thuas. Is ionann an méid sin thuas agus na príomhscéimeanna agus na príomh-chomhaontuithe lena ndéantar srianadh ar cheart iarrthóra chun a bheith athfhostaithe sa tseirbhís phoiblí. Níl sé beartaithe gur liosta iomlán é, áfach, agus is ceart d'iarrthóirí dearbhú a thabhairt maidir le mionsonraí faoi aon sásra scoir eile ar bhain siad úsáid as agus lena gcuirtear srianadh ar a gceart chun a bheith athfhostaithe sa tseirbhís phoiblí. Ceanglófar ar iarrthóirí freisin aon teideal atá acu chun sochair pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhu agus/nó a dhearbhu go bhfuair siad íocaíocht ionaid i leith seirbhíse in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí i gcás ina bhfuair siad íocaíocht amhlaidh.</p>
<p>Aoisliúntas agus Scor:</p>	<p>Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha cuí maidir le haoisliúntas a thairiscint don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi de réir mar atá i bhfeidhm san Ollscoil an tráth a thairgfear an ceapachán. Go ginearálta, agus seachas iarrthóirí ag a raibh post inphinsin seirbhíse poiblí (téarmaí scéime neamhaonair) sna 26 seachtain roimh an gceapachán (féach mír d thíos), fágann sé sin go dtairgtear ceapachán atá bunaithe ar bhallaíocht sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“an Scéim Aonair”).</p> <p>Is mar a leanas atá na príomhfhórála a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:</p>
<p>a. Aois Inphinsin - Is é 66 an aois íosta a mbíonn an pinsean iníochta, rud a thagann le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit.</p> <p>b. Aois Scoir - Ní mór do bhaill den scéim scor dá bpost ag aois 70.</p> <p>c. Laghdú Pinsin:</p> <ul style="list-style-type: none"> Má bhí an té atá le ceapadh ar fostú roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí, is ceart a bheith ar an eolas go bhfuil foráil ann san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Fórála Eile), 2012 chun laghdú pinsin a leathnú i gcás gach Státseirbhíse agus gach Seirbhíse Phoiblí a athfhostaítear i gcás ina bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí á íoc. I gcás na fóraí sin maidir le laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí ar fad, tháinig sí i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2012. 	

D'fhéadfadh impleachtaí i dtaobh pinsin a bheith aige sin i dtaca le haon duine a cheapfar chun an phoist seo agus a bhfuil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí á fháil aige/aici faoi láthair nó ag a bhfuil pinsean caomhnaithe Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí a thiocfaidh chun bheith iníoctha le linn dó/di a bheith ar fostú sa phost seo.

- Ciorclán 102/2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí

Tá Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí tugtha isteach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Coinníoll de chuid na Scéime Luathscoir is ea go scoirfear láithreach de phinsean a íoc le múinteoir a ghlacfaidh le luathscor faoi Shnáithe 1, Snáithe 2 nó Snáithe 3 den scéim sin má athfhostaítear an duine sin ina dhiaidh sin in aon cháil in aon chuid den earnáil phoiblí, seachas sna himthosca a leagtar amach i mír 10.2 agus mír 10.3 de na doiciméid iomchuí a bhaineann leis an gcioclán, agus sna himthosca sin amháin. Cuirfear tús le híocaíochtaí pinsin arís, áfach, tar éis don duine sin scor den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach, ar íoc an phinsin a thosú arís, beidh sé bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní áireofar na blianta breise a deonaíodh roimhe sin nuair a bheidh an íocaíocht phinsin á ríomh).

- Scor de dheasca Easláinte

Is ceart a bheith ar an eolas gurb amhlaidh, i gcás ina bhfuil duine tar éis scor ó fhostaíocht i gcomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí ar fhoras easláinte, go bhféadfadh pinsean an té sin a bheith faoi réir a athbhreithnithe de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca easláinte faoi scéim pinsin na fostaíochta sin.

d. Daoine a bhí ina Seirbhísigh Phoiblí roimhe seo - Cé go gcuimsítear leis na téarmaí réamhshocráithe pinsin, mar a leagtar amach sna míreanna roimhe seo, ballraíocht sa Scéim Aonair, d'fhéadfadh sé nach mbeidh feidhm aige sin i gcás daoine áirithe a cheapfar. Tá mionsonraí iomlána faoi na coinníollacha lena rialaítear an cheist i dtaobh cibé an bhfuil nó nach bhfuil seirbhíseach poiblí ina mball den Scéim Aonair le fáil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is é atá sa phríomheisceacht (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus i gcoitinne), áfach, ná, i gcás iarrthóir a n-éireoidh leo agus a bhí ag obair i gcáil inphinsin (téarmaí scéime neamh-aonair) sa tseirbhís phoiblí laistigh de 26 seachtaine ón tráth a théitear i mbun ceapacháin, nach dtiocfadh an duine sin, i gcoitinne, chun a bheith ina mball den Scéim Aonair. Sa chás sin, dhéanfaí ballraíocht i Scéim Pinsin UCD a thairiscint d'iarrthóir den sórt sin. D'fhágfadh sé sin go mbeadh feidhm ag na forálacha maidir le laghdú a luaitear ag (c) thuas, agus, de bhreis air sin, tá impleachtaí ann i leith fabhrú pinsin mar a leagtar amach thíos:

Fabhrú Pinsin - Bheadh teorainn 40 bliana i gceist ar sheirbhís iomlán a áireofar i dtreo an phinsin i gcás ina bhfuil an duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin sheirbhís phoiblí amháin. Maidir leis an teorainn 40 bliain sin, a ndéantar foráil ina leith san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, tháinig sí i bhfeidhm ar an 28 Iúil 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag an méid sin d'aon duine a cheapfar agus a bhfuil cearta pinsin faighte aige nó aici i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

Asbhaint bainteach le Pinsean - tá an post seo faoi réir asbhaint a bhaineann le pinsean i gcomhréir leis an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair do Sheirbhísigh Phoiblí, féach an láithreán gréasáin seo a leanas le do thoil: <http://www.per.gov.ie/pensions>.